Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2023**
**(OR. en, pl)**

**9026/23**
**ADD 1**

**SOC 293**
**GENDER 44**
**ECOFIN 404**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8487/23 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid<br>- *Formheas*<br>- *Ráitis ó thoscaireachtaí na hUngáire agus na Polainne* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráitis ó thoscaireachtaí na hUngáire agus na Polainne maidir leis na dréachtchonclúidí thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

Creideann an Ungáir go bhfuil cur chuige na hUachtaránachta i leith an chomhionannais inscne bunaithe ar chomhréiteach cothrom, cáiréiseach agus dá bhrí sin, tacaímid le cur chuige reatha na g*Conclúidí ón gComhairle maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid.*

Tá an Ungáir tiomanta don chothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn agus do rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a spreagadh, go háirithe i réimsí ina bhfuil mná tearcionadaithe i gcomparáid le fir, ós rud é go bhfuil ról ríthábhachtach ag soláthar deiseanna leordhóthanacha do mhná agus d'fhir san fhás eacnamaíoch, sa rathúnas agus san iomaíochas. Measaimid go bhfuil sé tábhachtach, áfach, go dtugaimid an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit maidir le cúrsaí airgeadais agus go dtugaimid aird ar indéantacht na mbeart ionas nach gcruthófar ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo.

Tacaíonn an Ungáir le mná agus fir atá i staideanna leochaileacha arb iad géarchéimeanna is cúis leo agus measann sí go bhfuil sé tábhachtach comhionannas inscne a chur chun cinn i gcomhthéacs an téarnaimh iarphaindéime ó COVID-19 a shainítear freisin mar thosaíocht sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid.*

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léiriú sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid.*

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: An Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025] dá dtagraítear sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid* a léiriú agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.

## RÁITEAS ÓN bPOLAINN

### RÁITEAS ÓN BPOLAINN I NDÁIL LEIS NA DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE GNÉ AN CHOMHIONANNAIS INSCNE A PHRÍOMHSHRUTHÚ I MBEARTAIS, I GCLÁIR AGUS I MBUISÉID

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, is mar chomhionannas idir mná agus fir a dhéanfaidh an Pholainn an nath ‘comhionannas inscne’ a léiriú, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise an mhéid thuas, aon nathanna eile ina bhfuil an téarma ‘inscne’, is mar thagairt do ‘gnéas’ a dhéanfaidh an Pholainn an téarma sin a léiriú, i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.